# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTAÍ – COMHIONANNAS DO CHÁCH

## Activity 4

Úsáid an Bhileog Gníomhaíochtaí seo i dteannta Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad, an iris do dhaltaí atá le fáil i bhfoirm páipéir agus ar líne ar an láithreán gréasáin **ourworldirishaidawards.ie**

### COMHIONANNAS= (leathanach 4)

Tá an comhartha = le fáil in dhá lógó de na Spriocanna Domhanda (ar dheis thuas): Sprioc 10 (Neamhionannais laghdaithe) agus sprioc amháin eile.

An bhfeiceann tú í? Sprioc ____ Cén fáth, dar leat, a bhfuil an comhartha = le fáil sa lógó le haghaidh an dá Sprioc sin?

Baineann an comhionannas le **gach aon duine** a chur san áireamh agus le caitheamh go cóir cothrom le **gach duine**. Féach ar théacs na 17 Sprioc Dhomhanda (ar chlé thuas).

Déan liosta de na Spriocanna Domhanda ina bhfuil na focail seo a leanas:

**'gach duine'** = Sprioc ____ , Sprioc ____ , Sprioc ____ , Sprioc ____ , Sprioc 10, Sprioc ____

**'daoine'** = Sprioc ____ , Sprioc ____

Is ann do 7 Sprioc Dhomhanda nach bhfuil an comhartha = iontu, agus/nó nach bhfuil na focail 'gach duine' nó 'daoine' iontu. An féidir leat nasc a dhéanamh idir na 7 Sprioc sin agus an comhionannas do chách?

Céard a thaispeáin an ghníomhaíocht seo duit maidir le tábhacht na 17 Sprioc Dhomhanda chun an Comhionannas do Chách a bhaint amach?